2023/2145

17.10.2023

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/2145 ÓN gCOIMISIÚN

an 16 Deireadh Fómhair 2023

lena gceartaítear leaganacha teanga áirithe de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 lena mbunaítear liosta an Aontais de bhianna núíosacha i gcomhréir le Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bianna núíosacha

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le bianna núíosacha, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 258/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1852/2001 ón gCoimisiún ([1]), agus go háirithe Airteagal 8 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sna leaganacha Cróitise, Fionlainnise, Fraincise, Iodáilise, Laitvise, Liotuáinise, Ollainnise, Polainnise, Portaingéilise, Rómáinise, Seicise, Slóvaicise agus Spáinnise, Ungáirise den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún ([2]), tá earráidí i dTábla 1, sna rónna a bhaineann leis na bianna núíosacha údaraithe 'Glúcósaimín HC1', 'Sulfáit ghlúcósaimín KCl' agus 'Sulfáit ghlúcósaimín NaC1', ar earráidí iad a athraíonn brí na bhforálacha.

(2) Sna leaganacha Fionlainnise, Fraincise, Iodáilise, Liotuáinise, Ollainnise, Slóvaicise agus Ungáirise den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470, tá earráid i dTábla 2, sa ró a bhaineann leis an mbia núíosach 'ola *Calanus finmarchicus*', ar earráid í a athraíonn brí na bhforálacha.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart na leaganacha Cróitise, Fionlainnise, Fraincise, Iodáilise, Laitvise, Liotuáinise, Ollainnise, Polainnise, Portaingéilise, Rómáinise, Seicise, Slóvaicise, Spáinnise agus Ungáirise den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 a cheartú dá réir sin. Ní dhéantar difear do na leaganacha teanga eile.

(4) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán Cur Chun Feidhme seo i gcomhréir leis na tuairimí ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha a tugadh sular glacadh Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1023 ón gCoimisiún ([3]) agus (AE) 2022/966 ([4]),

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

(Ní bhaineann sé leis an leagan Gaeilge).

([1]) IO L 327, 11.12.2015, lch. 1.
([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún an 20 Nollaig 2017 lena mbunaítear liosta an Aontais de bhianna núíosacha i gcomhréir le Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bianna núíosacha (IO L 351, 30.12.2017, lch. 72).
([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1023 ón gCoimisiún an 23 Iúil 2018 lena gceartaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 lena mbunaítear liosta an Aontais de bhianna núíosacha (IO L 187, 24.7.2018, lch. 1).
([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/966 ón gCoimisiún an 21 Meitheamh 2022 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 a mhéid a bhaineann le coinníollacha úsáide, ceanglais shonracha lipéadaithe agus sonraíochtaí an bhia núíosaigh ola *Calanus finmarchicus* (IO L 166, 22.6.2022, lch. 125).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 16 Deireadh Fómhair 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN